

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 22: *The Red Rose*



The Red Rose (1923) le John Lavery, olaphictiúr ar chanbhás.

Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Is péintéireacht mhór í seo den Bhantiarna Hazel Lavery, a rinne a fear céile, an t-ealaíontóir portráide, John Lavery. Tá an Bhantiarna Lavery suite i gcathaoir óir álainn agus tá cuirtíní dearga taobh thiar di. Tá gúna corcra á chaitheamh aici ar a bhfuil mionsonraí dearga agus óir. Tá rós dearg ina lámh aici, é leagtha taobh lena muineál bán, agus is ag breathnú amach roimpi atá sí.

An Bhantiarna Lavery

Ba in Chicago sa bhliain 1880 a rugadh an Bhantiarna Hazel Lavery agus ba as Éirinn a muintir. D'fhreastail sí ar ranganna damhsa agus ceoil sna scoileanna is fearr in Chicago.

Phós Hazel an t-ealaíontóir portráide, John Lavery, agus bhí cónaí orthu i Londain. Ba bhreá le Hazel a bheith ag sceitseáil agus ag péinteáil freisin. I

rith Chogadh Domhanda I, ceapadh John mar ealaíontóir oifigiúil do Rialtas na Breataine. Bronnadh ridireacht air, rud a chiallaigh gur tugadh ‘Ridire’ air uaidh sin amach agus gur tugadh ‘Bantiarna’ ar Hazel Lavery.

Bhí ról fíorthábhachtach ag Hazel sa streachailt ar son Neamhspleáchas na hÉireann trí dhaoine as Éirinn agus as an mBreatain a thabhairt le chéile ina teach cónaithe i Londain chun an Conradh Angla-Éireannach a phlé.

Nuair a fógraíodh neamhspleáchas na hÉireann, d'fhiafraigh Saorstát Éireann de John Lavery íomhá de bhean a chruthú chun Éire a léiriú ar nótaí bainc nua na hÉireann. An Bhantiarna Lavery a roghnaigh sé mar mhainicín agus bhí a híomhá le feiceáil ar nótaí bainc na hÉireann idir 1928 agus na 1970idí agus arís mar mharc uisce ar nótaí bainc a eisíodh ina dhiaidh sin, go dtí gur tháinig deireadh le ré an phuint Éireannaigh agus gur tosaíodh ag úsáid nótaí agus bonn Euro sa bhliain 2002.

An bhfuil a fhios agat céard é marc uisce?

Is íomhá é marc uisce a bhíonn le feiceáil ar pháipéir, ach ní féidir an marc uisce a fheiceáil ach nuair a bhíonn an píosa páipéir leagtha taobh le solas. Úsáidtear marc uisce chun cabhrú le daoine an difríocht idir doiciméid agus páipéir thábhachtacha nó luachmhara (cosúil le hairgead!) iontaofa agus bréagacha a aithint. Má tá roinnt nótaí bainc sa bhaile agat, leag in aice leis an solas iad agus déan iarracht na híomhánna rúnda a aimsiú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh tú do mhachnamh a dhéanamh ar dhearadh na nótaí bainc Euro atá in úsáid againn inniu, agus airgeadaí difriúla agus nótaí bainc agus cineálacha airgid níos sine a chuardach ar Google chun eolas a fháil faoi na hathruithe atá déanta in imeacht na mblianta.



Sonraí an ghrianghrafadóra: *Irish Times*, 2016

Céard air a bhfuil sí ina luí ina choinne?

Bhí cáil ar an mBantiarna Lavery de bhrí go mbíodh sí le feiceáil ar nótaí bainc na hÉireann. Anseo, tá seál á chaitheamh aici agus tá sí ina luí i gcoinne rud éigin... An bhfuil a fhios agat céard air a bhfuil sí ina luí ina choinne? Leid: tagraíodh don rud seo i rith Phictiúir faoi Chaibidil na seachtaine seo caite!

An raibh a fhios agat?

Sula raibh ceamaraí agus grianghrafadóireacht in úsáid, b'éigean do dhaoine fanacht ina suí ar feadh uaireanta fada nuair a bhí a bportráid á péinteáil ag duine éigin. Shuigh an Bhantiarna Lavery le haghaidh breis is 400 portráid a rinne a fear céile. Seans go raibh sí an-foighdeach! An dóigh leat go mbeifeá in ann fanacht i do shuí go ciúin do thréimhse fhada?

Rós Thrá Lí

Meabhraíonn an rós sa phéintéireacht seo (Hazel Hurley) dom go mbeadh Féile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí ag tarlú i gCiarraí an tseachtain seo, ach den chéad uair riamh ó cuireadh tús leis an bhféile areáchtáil, 61 bliain ó shin, b'éigean imeachtaí na féile a chur ar ceal. Is amhlaidh atá de bhrí go bhfuil tréaniarracht á déanamh againn ar fad gach duine a chosaint ón gCoróinvíreas agus nach féidir le gach duine bailiú le chéile i ngrúpaí móra faoi láthair.

Ar bhreathnaigh tú ar Rós Thrá Lí riamh? Is comórtas atá ann. Tugtar deis do mhná óga as ar fud an domhain, a bhfuil nasc acu le hÉirinn, taisteal mórthimpeall na hÉireann mar ghrúpa. Bíonn neart deiseanna acu bualadh le cairde nua agus agallaimh a dhéanamh. Ag deireadh na Féile, ainmníonn painéal moltóirí duine de na mná mar 'Rós Thrá Lí'.

Bímis ag Canadh!

Tá seantaifeadadh den amhrán seo – a bhíonn á chanadh i rith Fhéile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí – le fáil agus is féidir leat a bheith ag canadh agus súil a choinneáil ar na focail thíos...

***The Rose of Tralee* - Liricí bunaithe ar dhán a chum William Pembroke Mulchinock, ceol le Charles William Glover**

*The pale moon was rising above the green mountain
The sun was declining beneath the blue sea
When I strayed with my love to the pure crystal fountain
That stands in beautiful vale of Tralee.
She was lovely and fair as the rose of the summer
Yet, 'twas not her beauty alone that won me
Oh no! 'Twas the the truth in her eye ever beaming
That made me love Mary, the Rose of Tralee.
The cool shades of evening their mantle were spreading
And Mary all smiling was listening to me*

*The moon through the valley her pale rays was shedding
When I won the heart of the Rose of Tralee.
Though lovely and fair as the rose of the summer
Yet, 'twas not her beauty alone that won me
Oh no! 'Twas the the truth in her eye ever beaming
That made me love Mary, the Rose of Tralee.*

Caith Súil Ghéar ar na Focail

An féidir leat na focail a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar Rós Thrá Lí a roghnú? An dóigh leat go n-insíonn na focail go leor dúinn faoin gcineál duine ba ea í?

Tá sé go deas a bheith dathúil ach d'fhéadfaimis a bheith ag canadh faoi go leor saintréithe eile freisin! Roghnaítear Rós Thrá Lí ní hamháin de bhí go bhfuil sí 'lovely and fair' ach de bhrí go bhfuil pearsantacht dheas aici agus gur rólchuspa agus ambasadóir maith í d'Fhéile Rós Thrá Lí agus d'Éirinn.

Bhí cáil ar an mBantiarna Lavery, 'a súile donna ar chruth na halmóinne', mar bhean dathúil, ach céard faoi na rudaí spéisiúla ar fad a rinne sí i rith a saoil, agus a cuid saintréithe agus cáilíochtaí mar dhuine? Smaoinigh ar na rudaí a thaitníonn leat faoi do phearsantacht féin agus an tslí a n-idirghníomhaíonn tú le do chairde, baill teaghlaigh agus na daoine eile a chasann ort ó lá go lá!



Scríobhaimis amhrán faoi dhuine maith

Scríobhaimis amhrán dár gcuid féin faoi shaintréithe dár gcuid féin agus saintréithe daoine eile a thaitníonn linn. D'fhéadfá an t-amhrán a scríobh faoi dhuine ar d'aithne nó daoine a chumadh. D'fhéadfá dul ar eachtra chun


níos mó eolais faoin duine a roinnt linn? Is féidir leat na focail thíos a úsáid chun cabhrú leat agus fonn 'Rós Thrá Lí' más mian leat, nó d'fhonn féin a chumadh! Bain taitneamh as!

Láidir	Cliste	Misniúil	Cruthaitheach	Cineálta
Cairdiúil	Tuisceanach	Iontaofa	Ionraic	Eachtrúil
Cumasach	Cumhachtach	Flaithiúil	Lách	Bródúil
Muiníneach	Dóchasach	Cróga	Cabhrach	???

Déanaimis airgead bréagach!


Bhí an Bhantiarna Lavery le feiceáil ar sheanairgead na hÉireann, ach is féidir linn ár gcuid aghaidheanna féin a chur ar airgead freisin! Déanaimis ár n-airgead féin chun a bheith ag spraoi leis:

Faigh páipéar daite (nó páipéar bán a bheidh tú in ann a dhathú níos déanaí) agus gearr cruth dronuilleogach atá an méid céanna agus an cruth céanna le nóta bainc.



Ansin, smaoinigh ar cé mhéad is fiú an nóta bainc. 20? 100? 100,000,000,000,000?! Scríobh an méid sna cúinní agus tarraing ciorcal do d'aghaidh trí pheann nó peann luaidhe a úsáid.

Nasc na cúinní le himeall maisitheach. Is féidir leat dearaí a chruthú nó an méid a scríobh anseo e.g. 'Fiche Punt' nó 'Banc *d'ainm féin*



Ansin, tarraing d'aghaidh sa chiorcal agus scríobh an méid airgid taobh leis in uimhreacha móra.



Agus seo cleas beag deas chun a chinntiú go bhfuil an t-airgead cosúil le hairgead ceart! Is féidir leat peann luaidhe daite a úsáid chun na limistéir dhifriúla a dhathú le línte (haitseáil) nó línte os cionn a chéile (tras-haitseáil).

Má fhéachann tú ar nótaí bainc cearta, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil an cineál seo dathaithe orthu ionas nach féidir iad a chóipeáil go héasca!

D'fhéadfá dearadh difriúil a dhéanamh ar an taobh eile den airgead, b'fhéidir go bhféadfá an áit is fearr leat nó an t-ainmhí is fearr leat a



tharraingt anseo. Bhí ainmhithe ar na seanbhoinn Éireannacha ar fad.

Anois ó tharla go bhfuil d'airgead féin déanta agat ó do bhanc féin, is féidir leat cluiche a imirt, nó iarracht a dhéanamh bob a bhualadh ar do theaghlach nó cairde trína rá leo gur airgead ceart atá ann agus rud éigin a cheannach uathu! An gciallódh sé sin gur drochdhuine thú? Ní chiallódh.

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.